

Sobal

NUACHT | CULTÚR | SAOL

**Club
Reatha na
Gaillimhe
ag tosú**

Lch 4

An heileacaptar deireanach amach as Carna

**Léargas ealaíonta
ar eispéireas an 424**

Lch 3



Déanann an NTA teagmháil le Teachtaí áitiúla faoin 424

Seirbhís chúnta nua idir an Cheathrú Rua agus Gaillimh fógartha

Bill Breathnach

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) teagmháil le Teachtaí Dála agus Seanadóirí as Gaillimh Thiar an tseachtain seo caite maidir le seirbhís bhus an 424.

Mar a tuairiscíodh an tseachtain seo caite, rinne an Teachta Dála Mairéad Farrell (Sinn Féin) as Gaillimh Thiar géarcháineadh ar Bhus Éireann agus an NTA.

Dúirt an Teachta go raibh soiléiríú ag teastáil ón dá eagraíocht stáit maidir le na huasghráduithe a fógraíodh do sheirbhís an 424 le déanaí.

Sa litir a sheol an NTA chuig na hionadaithe poiblí - agus atá feicthe ag an bhfoilseachán seo,

dúradh go gcuirfear tús le seirbhís chúnta nua idir an Cheathrú Rua agus cathair na Gaillimhe ar an 1 Samhain.

Fágfaidh an bus seo Stáisiún Cheannt ag 4:15in agus beidh bus eile ag dul soir ón gCeathrú Rua ag 4:45in.

Ina theannta sin, d'aithin an t-údarás go raibh an tseirbhís "faoi bhrú" agus gur "cheist dháiríre" a bhí ann nach mbíonn a dhóthain spáis ar na busanna ag amanna ina mbíonn ard-éileamh ann.

Chomh maith, dheimhnigh an litir go mbeidh seirbhís nua ag tosú idir Bearna agus cathair na Gaillimhe ar an 1 Samhain freisin.

Fágfaidh dhá bhus Stáisiún Cheannt ag 7rn

agus 8:30rn agus fágfaidh dhá bhus Bearna ag 7:45rn agus 9rn ar maidin. Um thráthnóna, fágfaidh an bus Stáisiún Cheannt ag 4:15in agus imeoidh ceann ó Bhearna ag 4:45in.

Tá an chuma ar an scéal áfach nach bhfuil plean ar bith ann chun bus eile ó Chonamara a eagrú a bheidh in ann lár na cathrach a bhaint amach go gairid roimh a 9rn.

Cuireadh tús le seirbhís chúnta nua idir cathair na Gaillimhe agus an Spidéal le déanaí ar an 27ú Meán Fómhair. Faoi láthair, fágann an bus nua seo an Spidéal ag 8:10rn agus dar le sceideal an bhus, sroicheann sé Stáisiún Cheannt ag 9:08rn.

John Connolly TD



Léirigh an Teachta Dála Mairéad Farrell imní an tseachtain seo caite faoin gcaoi nach sroicheann an bus seo cathair na Gaillimhe roimh a 9rn, - rud a bheadh feiliúnach do mhic léinn agus oibritheoirí atá ina gcónaí i gConamara.

Ag labhairt dó le Sobal, dúirt an Teachta Dála John Connolly gur

trial ar an tslí gur mhaith leo a úsáid," a dúirt sé.

"An rud is tábhachtaí ná go raibh siad in ann bus a chur go dtí an crosbhóthar taobh thiar den ionad siopadóireachta."

Dúirt an Teachta Connolly freisin go mbeidh Bus Éireann ag baint úsáide as busanna níos mó ar sheirbhís an 424 go luath le dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le heaspa spáis ar an tseirbhís.

"Dar leis an eolas atá faighte, tá siad [Bus Éireann] dóchasach go mbeidh na busanna níos mó acub níos luaithe ná mar a bhí siad ag ceapadh - b'fhéidir go mbeidh siad ann roimh an Nollaig," a dúirt sé.

"Faoi láthair, 'sé líon

na bpaisinéirí atá siad in ann glacadh leis ná thart ar 55, ach leis na busanna seo beidh níos mó na 70 [suíochán] orthu... Déarfainn go mbeidh flit nua ar fad ar an 424."

Labhair an Comhairleoir Pádraic Joe Joe Mac an Iomaire (Fine Gael) leis an bhfoilseachán seo freisin agus dúirt sé nach raibh an NTA nó Bus Éireann i dteagmháil le hionadaithe poiblí ar an gComhairle Chontae le déanaí faoi sheirbhís an 424.

Dúirt sé freisin gur chuir sé fáilte roimh na huasghráduithe nua, cé go raibh sé den tuairim gur chóir go rachadh an seirbhís chúnta nua idir Bearna agus Gaillimh chomh fada siar leis na Forbacha.

Clann Lir s'againne ar Abhainn na Gaillimhe



Bill Breathnach
Eagarthóir Sobal

Agus an colún seo á scríobh, tá Páras na Fraince agus Milano na hIodáile ina lasracha. I bhfad ón gclampar sin, airímh go bhfuil an t-ádh dearg ar mhuintir chathair na Gaillimhe go bhfuil an deis acub suaímheas breá a aimsiú i lár an bhaile mhóir.

Le cúpla mí anuas táimse théis suim a chur sna héin eala óga a bhíonn le feiceáil ar snámh ar Abhainn na Gaillimhe idir Droichead na mBradán agus an club rámháíochta.

Bíonn grúpa de cheithre éan óga ann go minic agus feicimse iad nuair a bhímse ag siúl chun na hoibre ar maidin nó ag tócht abhaile

um thráthnóna.

Sa lá atá inniu ann, tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar an dúlra agus muid ag breathnú síoraí seasta ar an bhfón nó an ríomhaire. Ach is rud nádúrtha agus sláintiúil é a bheith amuigh faoin aer agus machnamh a dhéanamh ar an domhan mórtimpeall orainne.

Le déanaí, chonaic mé na healaí óga seo i ngrúpa ina n-aonar den chéad uair ariamh - agus iad beagnach chomh mór lena dtuismitheoirí anois cé go bhfuil dath liath agus donn fós ar a gcleití.

Is cuimhin liom nuair a chonaic mé iad den chéad uair i rith an tsamhraidh go mbíodh

siad beag bídeach.

Ag deireadh an fhómhair nó go luath sa gheimhreadh, tosaíonn na héin ag léiriú a gcuid neamhspleáchais agus bíonn siad ag spaisteoireacht gan a dtuismitheoirí cé go mbíonn teagmháil rialta acub leo fós.

Áfach i rith an gheimh-

hridh nó san earrach a fhágann na héin óga a dtuismitheoirí. Níos déanaí san earrach tiocfaidh dath bán ar na healaí óga agus iad thart ar aon bhliain d'aois. Tógfaidh sé bliain eile orthu sula mbeidh siad in ann páirtneir a aimsiú le péire pórúcháin a dhéanamh.

Áfach, ní bheidh na healaí óga a n-éin féin a shíolrú go dtí go mbeidh siad thart ar trí nó ceithre bhliain d'aois - an méid ama a thógann sé orthu a bheith iomlán aibí.

Tá rud eicint deas faoi ghrúpa de cheithre eala óga. Samhlaím anois 's aríst nuair a fheicimse

iad agus mé ag siúl chun na hoibre ar maidin go bhfuil siad cosúil leis na healaí ó Chlan Lir - cé nar chaith siad mórán ama i gContae na Gaillimhe de réir an fhinscéil!



Ealaí óga Dhroichead na mBradán lena máthair

Is mór againn do thuairim - glac páirt sa suirbhé

Ós rud é nár seoladh Sobal ach le déanaí, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil an t-ábhar atá á chur ar fáil againn ag teacht leis an méid is mian leat féin, mar léitheoir, a léamh.

Ba cheart go dtógfadh

sé thart ar 5 nóiméad an suirbhé seo a chomhlánú, agus cabhróidh d'aiseolas linn todhchaí Sobal a mhúnlú.

Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an suirbhé seo a chomhlánú. Is mór againn é!



Cúramóirí Baile á lorg ag Tearmann Éanna



Tá folúntais do chúramóirí baile fógartha ag Tearmann Éanna mar chuid den tsuirbhé chúraim agus tacaíochta baile atá á sholáthar acu i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

Tacaíonn an tsuirbhé seo le daoine gur mian leo fanacht ag an mbaile agus maireachtáil go neamhspleách, le tacaíocht, ina dtithe agus a gceantair féin.

Tá fóirm iarratais ar fáil ón suíomh idirlín ag www.tearmanneanna.ie agus ní mór an fhóirm seo, agus na

cáipéisí eile atá luaite leis, a sheoladh sa bpost chuig Bainisteoir Ginearálta, Tearmann Éanna CTR, An Tulach, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, nó ríomhphost a sheoladh chuig bainisteoir@tearmanneanna.ie.

Oifigeach Pleanála Teanga á lorg

Oibríonn Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Fáilte Ireland agus páirtithe eile chun stádas dátheangach oifigiúil na cathrach a fhorbairt agus a threisiú, agus chun stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach do

Ghaillimh.

Táimid ag earcú Oifigeach Pleanála Teanga chun tacú le comhordú agus le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe agus le húsáid na Gaeilge a mhéadú sa chathair.

Beidh an té a cheapfar ag obair faoi stiúir Phríomhfheidhmeannach

Ghaillimh le Gaeilge agus i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Foras na Gaeilge, eagraíochtaí Gaeilge, pobail, gnólaichtaí agus páirtithe leasmhara eile.

Post lánaimseartha ar théarma seasta trí bliana atá ann, faoi réir maoinithe, agus beidh tréimhse phromhaidh i gceist.

Na príomhchálíochtaí: Gaeilge agus Béarla líofa, scileanna láidre cumarsáide, taithí ar bhainistiú tionscadal agus scileanna maithe digiteacha.

Dáta deiridh: 5.00 i.n., Dé Luain, 9 Samhain 2026. **Tuilleadh eolais agus fóirm iarratais:** www.gleg.ie nó brid@gleg.ie.

Campa Puipéadóireachta Chois Fharraige

Beidh Cillian Ó Donnchadh agus Neasa Ní Chuanigh i mbun Champa Puipéadóireachta in Amharclann Chois Fharraige, Seanscoil Sailearna, in Indreabhán ón 26-28 Deireadh Fómhair.

Tá an Campa, atá á eagrú le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, dírithe ar an aoisghrúpa 8 – 12 bliana d'aois agus lena linn

beidh deis ag na paistí a bpuipéad féin a dheardh agus a chruthú.

Beidh an Campa ar siúl gach lá ó 10.00r.n go dtí 2.00i.n. agus is féidir clárú ag <https://campapuipéadóireachta.eventbrite.ie>. Tá líon na spásanna teoranta agus moltar áit a chur in áirithe gan mhoill. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó amharclann@cst.ie.





'An heileacaptar deireanach amach as Carna'

Tugann léiriúchán stáitse nua léargas ealaíonta ar eispéireas an 424

Bill Breathnach

Ar an 29ú Aibreán 1975, thóg an fóta-iriseoir Ollannach, Hubert Van Es, ceann de na grianghrafanna ba cháiliúla ó Chogadh Vítneam. Bhí fórsat an tuaiscirt ar tí seilbh a ghlacadh ar chathair Saigon le deireadh a chur leis an gcogadh. Ar ndóigh thuig trúpaí Mheiriceá céard a bhí i ndán dóibh agus shocraigh siad an chathair a fhágáil.

Bhailigh oifigigh de chuid an CIA agus scaifte sibhialtaigh ar dhíon bhloc oifigí, áit a raibh heileacaptar Meiriceánach ag fanacht orthu. B'shin an t-aon seans a bhí ag na daoine seo éalú ó Saigon sula ngabhadh an chathair agus thapaigh Van Es leis an deis pictiúr drámatúil a thógáil den suíomh stairiúil seo.

Is léir go dtéann an íomhá cháiliúil seo go mór i bhfeidhm ar mhuintir Charna. Ar ndóigh, níl ach deis amháin in aghaidh an lae acub éalú ón mbaile más rud é go mbraitheann siad ar sheirbhís bhus an 424.

Fágann bus amháin an sráidbhaile ag 6.50m ar maidin agus filleann ceann eile ag 7.17in um thráthnóna (bhuel sin a deir sceideal an bhus ar aon chuma, cé nach mbíonn sé le *trust* i gcónaí).

"Sin an heileacaptar deireanach amach as Carna. Bus amach agus isteach, sin a bhfuil ann," a deir an file **Laoighseach Ní Choistealbha**

go gonta.

Is as Dún na nGall ó dhúchas í Laoighseach ach tá sí ag cur fúithi i gCarna le trí bliana anuas anois. Beidh sí ag glacadh páirte i léiriúchán stáitse atá bunaithe ar bhus an 424 go luath mar chuid d'fhéile litríochta IM-RAM.

Tabharfaidh An 424: An Bus go dtí an Ghealachathair deis don lucht féachana dul ar aistear samhailteach ó thógann iad ó dhorchadas na maidine thiar i gCarna, tríd bhóithre casta Chonamara, go dtí an baile mór. Mar chuid den seó, beidh Laoighseach ag léamh saothair nua dá cuid atá bunaithe ar a turais ar bhus an 424, in éindí leis an úrscéalai **Jackie Mac Donncha** as Cill Chiaráin, agus an craoltóir **Cúán de Búrca**, as Baile Átha Cliath.

Ina theannta sin, beidh an banna ceoil **Trá Pháidín** i láthair freisin le ceol a sheinnt óna n-albam *An 424*, agus cuirfidh an craoltóir agus scan-nánóir **Donal Dineen** íomhánna ar fáil.

Creideann Laoighseach go bhfuil suntas cultúrtha ar leith ag baint le bus an 424 i gConamara agus níos faide i gcéin. "Tá mé cinnte anois go dtráchtar ar an 424 sa litríocht agus sna hamhráin, cé nach bhfuil suirbhé déanta agam," a deir sí.

"Tá go leor dánta scríofa agamsa faoin 424. Bhí cúpla ceann acu i mo chnuasach deireanach. Má tá an fhilíocht bun-



Laoighseach Ní Choistealbha



Cúán de Búrca

aithe ar do shaol, agus tá an 424 mar chuid de do shaol, cinnte tiocfaidh sé amach sna dánta.

"Is dócha go bhfuil stádas faoi leith aige mar gheall gurb é an bus idir Conamara agus an ghealachathair. Bíonn go leor de mhuintir Chonamara air. D'fheicfeá seandaoine ag dul isteach go Dunnes, nó daoine a

bheadh ag obair sna tithe altranaís nó na mic léinn. Amantaí daoine a bhíonn ag freastal ar na cúrsaí Gaeltachta, agus turasóirí freisin. Iompaíonn sé go leor rudaí isteach agus amach."

Feiceann Laoighseach áfach go bhfuil na hathruithe atá théis teacht ar líon na bpaisinéirí ar an 424 in ann léargas áirithe



Jackie Mac Donncha



a thabhairt dúinn ar chúrsaí an tsaoil.

"Tá i bhfad níos mó mac léinn ar anois toisc go bhfuil lóistín na cathrach chomh daor sin - tá i bhfad níos mó daoine ag fanacht sa bhaile," a deir sí.

"Le linn an téarma ollscoile bíonn an bus go hiomlán plódaithe. Fiú ar bhus Charna, bheadh daoine ar an mbus gach

lá ag dul isteach ag an ollscoil agus sin turas dhá uair a chloig ar maidin."

paisinéirí.

"D'fhéadfadh rud ar bith tarlú. Uair amháin fuair mise an bus ag a naoi, agus bhí cineál cóisir bheag ar an mbus. Bhí amhráin ar an sean-nós ann, bhí daoine ag déanamh steip. Bhí sé go hiomlán in éadan 'health and safety', ach cén dochar?" a deir Laoighseach.

"Tharla sé uair amháin gur cheap mé go bhfaca mé taibhse. Bhí mé ag fanacht leis an mbus i gCarna sa gheimhreadh agus níl aon solas sráide ann. Mhóthaigh mé duine ag teacht i mo threo agus bhreathnaigh mé ar an duine sin.

"Ní dúirt siad tada liom agus shiúl siad tharam. Agus dúirt mé, 'An bhfuil mise ag briongláideach anseo nó an bhfuil duine anseo'. Ansin tháinig an bus agus ní raibh mé cinnte an raibh taibhse feicthe agamsa, ach bhí sé thar a bheith aisteach. Bhí sé spooky-eáilte, thar a bheith oiriúnach don tréimhse seo den bhliain."

Léireofar an seó don chéad uair ag 7.30in, Dé hAoine, 13 Samhain in Amharclann Smock Alley, Baile Átha Cliath. Tá ticéid €15/12 ar fáil ag <https://shorturl.at/O7xrM> (smockalley.com)

Léireofar an seó i nGailimh in Amharclann Mick Lally mar chuid de TONN-TA 2027 ar 7.30in, Dé hAoine, 29 Eanáir, ticéid €22 ag <https://shorturl.at/Oi2Fo> (tonnta.eu)

Mic léinn Gaeltachta i mbun an chláir GAIRM

Peadar Mac Fhlannchadha

Tá tús curtha an mhí seo ag grúpa mic léinn Gaeltachta ar an gclár oiliúna GAIRM, clár atá forbartha agus á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU).

Gheobhaidh na rannpháirtithe taithí ghairmiúil mar oifigigh fheidhmiúcháin i rannóga éagsúla an Údarais thar thréimhse dhá bhliain. I dteannta leis an gconradh, beidh deis ag na céimithe tabhairt faoi Dioplóma Larchéime Leibhéal 9 ó ATU atá deartha go sonrach

don scéim GAIRM.

Dúirt Diarmuid Ó Conghaile, Ceann na Roinne Gnó agus Cuntasaíochta in ATU, "Nuair a bhí an dioplóma á chur le chéile againn, shuigh muid síos leis an Údarás chun go mbeadh tuiscint againn ar céard a bhí ag teastáil ó thaobh na scileanna

difriúla, ó thaobh na hábhair dhifriúla agus an t-eolas a bhí siad ag iarraidh.

"Tá chuile cineál ábhair ann ó thaobh bainistíú airgid de, ó thaobh cumarsáid de, ó thaobh ceannaireacht agus ó thaobh bainistíochta de go ginearálta freisin."



Club Reatha na Gaillimhe ag cur tús le rith 5km nua

Tá grúpa nua reatha i gCathair na Gaillimhe ag iarraidh daoine a tharraingt le chéile chun an Ghaeilge a labhairt, rúinín beag acailochta a dhéanamh agus cupán caife a bheith acu ina dhiaidh.

Tá Gaillimh le Gaeilge, i gcomhar le Caifé na Taibhdheirce, agus Gaeil na Gaillimhe CLG, ag cur fáilte roimh dhaoine de gach aois agus ar gach leibhéal Gaeilge a bheith páirteach i gClub Reatha na Gail-

limhe. Is grúpa pobail nua é seo a chruthaíonn deis do dhaoine a bheith gníomhach, bualadh le daoine eile agus an Ghaeilge a úsáid i dt-impeallacht chairdiúil agus neamhfhoirmiúil.

Beidh an chéad rith 5km de chuid Chlub Reatha na Gaillimhe ar siúl **Dé Sathairn, an 24 Deireadh Fómhair 2026**. Buailfidh na rannpháirtithe le chéile ag Caifé na Taibhdheirce, 19 An tSráid Láir, Gaillimh, H91 E2V3, ag 11.00

r.n.

Tá an t-imeacht seo á eagrú mar chuid de Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe, le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge.

Más cainteoir líofa Gaeilge thú, má tá tú ag foghlaim, nó mura bhfuil ach beagán Gaeilge agat, beidh fáilte agus fiche romhat! Beidh deis ag gach duine na 5km a rith ar a luas féin. Ní bheidh aon bhrú ar dhaoine rith go tapaigh ná Gaeilge fhoirfe

a labhairt. Is é an rud is tábhachtaí ná taitneamh a bhaint as an lá, bualadh le daoine nua agus níos mó deiseanna a chruthú chun an Ghaeilge a úsáid ar bhealach neamhfhoirmiúil.

Tá teachtaireacht Chlub Reatha na Gaillimhe soiléir, "Tar linn, rith más mian leat, siúil más fearr leat, labhair Gaeilge ar do leibhéal féin."



Oíche scéalaíochta le hAindrias de Staic



Oíche Shamhna i mbliana beidh an seanchaí mór le rá Aindrias de Staic ag teacht go hAmharclann Halla na Cathrach, Gaillimh, mar chuid dá chamchuairt *Night of the*

Silvery Moon.

Beidh cuid de na scéalta traidisiúnta Éireannacha is scanrúla á rá aige agus ar ndóigh, beidh sé ag cur go mór leis an atmaisféar le ceol breá ar an bhfidil.

Ina theannta sin, beidh Aindrias le feiceáil ar stáitse in éindí leis an gclárseoir agus seinnteoir consairtín, Aisling Lyons, agus an ceoltóir Brian Fleming ar an mbodhrán.

Tá na scéalta a deir Aindrias fréamhaithe i bpiseogaí Iarthar an Chláir.

Is féidir ticéid a cheannach ar www.aindrias.com/upcoming-events.

Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann arna fhorbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Oidhreachtá Togtha sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúla agus Oidhreachtá.



Comhairle sábháilteachta dóiteáin saor in aisce maidir le foirgnimh ceann tuí

An bhfuil foirgneamh agat a bhfuil ceann tuí air?

Chun do chuairt saor in aisce ó innealtóir saineolach a thabharfaidh comhairle duit ar shábháilteacht dóiteáin i bhfoirgneamh ceann tuí a shocrú, seol ríomhphost chuig vernacular@housing.gov.ie nó glaigh ar 01 5393651

www.gov.ie/thatchfiresafety



NBHS

An Seirbhís Oidhreachtá
Togtha Náisiúnta
National Built
Heritage Service



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland